

TRATHNÓNA FILÍOCHTA

Siad na léitheoirí a bheas linn ag an Trathnóna Litríochta i Leabharlann na Ceathrún Ruaidh ná Pádraig Standún, Pádraig Ó Cíobháin agus Aingeal Ní Chualáin.



Pádraig Ó Cíobháin

Sé Pádraig Ó Cíobháin an Scríbhneoir Cónaitheach Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh faoi láthair. As Corca Dhuibhne dó ó dhúchas. D'aistrigh sé 'on Ghaillimh sa bhliain 1997. Úrscéalta agus cnuasaigh gearrscéalta a scríobhann sé. *Le Gealaigh* (Coiscéim, 1991) a chéad



Pádraig Standún

leabhar. *Ré an Charbaid* (Coiscéim, 2003) teideal a leabhair dheireanaigh - úrscéal atá suite i gcathair na Gaillimhe agus ina cúltúr. Tá sé ag obair ar an naoú saothar fé láthair, cnuasach ar a dtugann sé *Dréachta Chrích Fódla*.

Chaith Pádraig Standún blianta in a shéiplíneach ar an



Aingeal Ní Chualáin

gCeathrú Rua. Bhain sé cáil amach mar gheall ar a leabhar, *Ag Súil le Breith*.

Is as Carna í Aingeal Ní Chualáin. Tá Féile Phléaráca ag tabhairt an chéad deis mhór di a cuid filíochta a chur os comhair an phobail.

I gcuimhne Stiophán Ó Cualáin 1925-2003

Is do fhuaim bhinn an bhfeidhil An míleodeon 'gus an fliút A d'oscail tusa do shúil Don chéad uair I 1925 sa Teach ceann tuí i gCarna Arar tugadh 'Cadamy an Cheoil

Maidin Domhnaigh 's tá na Fonnadóirí ag gabháil fhoinn Boscadóirí ag baint suilt as an gcráic Port an fhlíúadóra ag coinneáil righin Corr splanc dá bhaint ag an Damhsóir óg as urlár stroighin

Bhí an t-ádh leatsa an stail óg Tugadh seans duitse dul sa tóir Ar aoibhnis na foghlama Rud annamh go leor dod leithéid Gurbh fhios duit

I lár Choláiste Mhuire Corr fhocal Béarla i do phluic Chuimhnigh tú ar an mbaile 's ar

An Damhsóir

Chonamara aimsir an chogaidh mhóir Ach bhí Laidin ann 's leabhra Gaeilge Le léamh, peil Ghaelach, stair, comhrá Seans agat ar an mbonn óir sa Taibhdhearc 'gus tú i do aisteoir óg

I stáisiún Ceannt na Gaillimhe Londain Shasana do thriail An traein ag druidim amach go mall 'S tú ag seasamh sa doras ag fágáil slán Le do naipicín bán ag fuadach

Ghlaoigh an nádúr ar ais thú I do mháistir scoile anois Ar an oileán aerach úd Máistir freisin ar an gcurach A d'iomar tú go céibh Inis Bearachain Agus amach arís trathnóna

Ar feadh ocht mbliana déag

Aeraíochtaí i Leitir Móir 'S na sluaite bailithe Ardán don amhránaíocht Don damhsa 's don cheol An bród, ag cur fáilte roimh De Valera ar an stáitse 1959 'Gus an séipéal nua ar an bhfód!

Glórach, teasáí scaití Thóg tú an rud 'gus rinne Do rud fhéin dó Mhúin dóibh cén chaoi Le gaisce a dhéanamh Amuigh sa saol mór

Anois tá curachín an mháistir Iompaithe béal fúithi Tá an saol as cor, athraithe Ag fógart deireadh ré Do chroí 's do smaointe Siar sna blianta 'gus Fios agat go bhfuil do Chosa déanta as cré.

Aingeal Ní Chualáin

Capoeira

Beidh taispeántas Capoeira ar bun le linn an dioscó óige i gCamus ar an Aoine 8 DF. Tugann Colm de Bhaldraithe léargas ar céard é.

Is damhsa troda an Capoeira. Bíonn duine ag damhsa amach romhat agus an chéad soicind eile tabharfaidh sí buille duit ar chúl do chinn lena cos. Tá an-aclaíocht ag baint leis agus is bealach breá é le fáil folláin agus so-lúbaithe. Chum na hAifricánaigh an damhsa seo nuair a bhí said ag obair mar sclábhaithe i mBrasíl. Bhíodh siad ag réiteach faoi cheilt le haghaidh an chéad éirí amach eile. Le linn stair na sclábhaithe sa mBrasíl bhí na céadta éirí amach ag na hAifricánaigh. Théis an teach mór a dhó agus foireann na dtiarnaí talún a chuir chun báis, theitheadh siad isteach sna coillte móra agus chuireadh siad ar bun Kilombo, nó poblacht neamhspleách i lár na gcoillte. Mhair an ceann is cáiliúla ós cionn trí chéad bliain sula scrios arm na Brasile é. Sí an Bhrasíl an tír is mó a bhfuil Aifricánaigh ina gcónaí inti théis an Nigéir, tá 90 milliún de bhunús na h-Aifrice inti as daonra 265 milliún.

Bíonn Capoeira dá chleachtadh sa gCairib freisin. Bíonn an-chaint ar shliocht na n-Éireannach san Astráil, sa mBreatain, i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe. Déantar dearmad iomlán ar ár gcolceatharacha buí sa gCarib. Théis Cath Chionn tSáile rinneadh scrios iomlán ar na Gaeil go háirithe orthu siúd i gCúige Mumhan. Seoladh na céadta míle sall go dtí an Charib le n-oibriú mar sclábhaithe leis na hAifricánaigh ar na heastáit

mhóra siúcra. Ag an am sin b'é an siúcra an t-ola, an acmhainn ba luachmhaira a bhí le fáil.

Rinne an dá dhream iarracht i ndiaidh iarracht éirí amach a bheith acu le chéile agus d'éirigh leo i mBarbados ar feadh tamall sul má chuir arm na Breataine deireadh leo. Is pobal buí atá anois sa gCarib ó bhunús gael agus gorm.

Bhí an-iontas ar Sheán Ó Donnabháin nuair a shroich a bhád, An Kaloolah, Montserrat in 1852, oileán beag sa gCarib atá scoite amach óna cinn eile. Chuala sé dream buí an oileáin ag caint lena chéile i nGaeilge. Ba cainteoir ó dhúchais as Cluain na Coillte é Seán. Thosnaigh sé ag caint leo agus d'iarr fear buí air cérbh as é. D'fhreagair Seán gur as Corcaigh é. "Sé sin Corcaigh na gCuan" a deir an fear buí, ag tabhairt sean logainm a bhí théis imeacht as an gcaint le céad blian anuas. Is cosúil go raibh Gaeilge na seachtú haoise déag acu fós i Montserrat agus go raibh siad ní ba Gaelaigh ná na Gaeil iad féin.

(Bíonn Ciorcal Drumadóireacht Gorm-Gaelach ar siúl i gCarna chuile choicís. Tuilleadh eolais: Glaoigh ar Chóilín - 095 32760.)

Tigh Mhórain

Carna 095-32570

Beár, Beatha, Ceol & Craic

Peter & Jane Fitzpatrick

www.foinse.ie

Glac síntiús le

Foinse

Priomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge

091-595520